

## AOICHAINTEANNA NA COMHDHÁLA

**'An strange place agus na strange people': Plé ar ghnéithe den imirce go Contae na Mí in Aistriú (2004) le Siobhán Ní Shúilleabháin.**

le

**Aisling Ní Dhonnchadha**

(Léachtóir Sinsearach le Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad)

Nóta beathaisnéise: Is léachtóir sinsearach i Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, í Aisling Ní Dhonnchadha. Ar a cuid foilseachán tá: *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940* (An Clóchomhar, 1981); *Gearrscéalta an Chéid*, i bpáirt le Gearóid Denvir (Cló Iar-Chonnacht, 2000); *Idir Dhúchas agus Dualgas: Staidéar ar Charachtair Mhná sa Ghearrscéal Gaeilge 1940-1990* (An Clóchomhar, 2002); *Ar an gCoigríoch: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce*, i bpáirt le Máirín Nic Eoin (Cló Iar-Chonnacht, 2008); *Cnuasach Comhar 1982-2012*, i bpáirt le Regina Uí Chollatáin (LeabhairCOMHAR, 2014) agus *Aois na hÓige: Díolaim Próis*, i bpáirt le Máirín Nic Eoin (Cló Iar-Chonnacht, 2017). Tá mórán alt foilsithe aici ar ghnéithe éagsúla de nualitríocht na Gaeilge. Is iad na réimsí spéise agus taighde atá aici ná: Seánra an ghearrscéil; próslitríocht na hAthbheochana; irisí liteartha na Gaeilge; léann na mban; téama na himirce i litríocht na Gaeilge; léirithe ar shaol na hóige i litríocht na Gaeilge.

**Athscríobh na seanscéalta miotaseolaíochta – cur chuige an scríbhneora chruthaithigh.**

le

**Diarmuid Johnson**

(Scoláire, Údar, agus Aistritheoir le Coimisiún na hEorpa)

Nóta beathaisnéise: Is sa mBreatain Bheag a rugadh Diarmuid Johnson, agus is i nGaillimh a tógadh é. Tá céim BA, MA agus PhD sa Léann Ceilteach aige. Chaith sé seal ag léachtóireacht sa mBriotáin, seal sa mBreatain Bheag, seal in Éirinn, seal sa bPolainn, agus dhá sheal sa nGearmáin. Bíonn sé ag scríobh i nGaeilge, i mBéarla, agus is mBreatnais, agus tá os cionn scór leabhar foilsithe aige. Trian na leabhar sin is filíocht atá iontu, trian is próis, trian is aistriúcháin. Is í litríocht na Breatnais is mó a bhíonn á haistriú aige. I measc na ngradam atá buaite aige tá Gradam Uí Shúilleabháin (2017) don saothar *Conaire Mór*, athinseacht ar *Togail Bruidne Da Derga*; an James McKenna Award ón Gerard Manley Hopkins Society (2015); gradam an Lucian Blaga International Literary Festival (2010) ar a chuid oibre ar litríocht na Rómáine. I measc na réimsí eile a raibh sé gníomhach iontu lena linn tá réimse na hiriseoireachta, ó bhéal ar Raidió na Gaeltachta, agus ó pheann i *Foinse*, *Cuisle*, *Gaelscoil*, *Beo.ie*, *Tuairisc.ie*, agus *Comhar*. Ba mhínic ar an stáitse é ar fud na hEorpa i mbun ceoil agus airneáin. I láthair na huair, is ina aistritheoir le Coimisiún na hEorpa atá sé ag baint slí bheatha amach.

## **PÁIPÉIR CHOMHDHÁLA**

### **Seán Mac Criomhthain: Tréithe suaithinseacha d'fho-chanúint Dhuibhneach.**

*Seaghan Mac an tSionnaigh (Ollscoil Uppsala)*

Duine de na seanchaithe ba mhó a thug ábhar seanchais do Choimisiún Béaloideas Éireann ab ea Seán 'na Cille' Mac Criomhthain (1875-1955) ó Chill Maoilchéadair i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Ach más fada an lá scoláirí Gaeilge ag triall ar an ndúthaigh chéanna, is ar na Blascaodaí agus ar an míntír is giorra dóibh a bunaíodh formhór an eolais a tiomsaíodh go nuige seo i dtaobh na canúna traidisiúnta ann - ba shamplaí ó chainteoirí as Iar-Dheisceart na leithinse ar fad geall leis a bhí ag Diarmuid Ó Sé sa tuairisc éachtach a scríobh sé sin ar chanúint Chorca Dhuibhne (Ó Sé, 2000: 7-8). Pléifidh an cur i láthair atá i gceist agam féin a thabhairt ag comhdháil Scoil na Gaeilge i mblíana leis na gnéithe is suimiúla de chanúint Sheáin Mhic Criomhthain mar chainteoir eiseamláireach den fho-chanúint a labhraítí go traidisiúnta i bparóiste Mórach. Tabharfar fuílleach samplaí i rith na cainte amach as na lámhscríbhinní a bhreac Seosamh Ó Dálaigh agus Seán Ó Dubhda ó bhéalaithe an Chriomhthanaigh thar tréimhse fiche bliain. Beidh sé á áiteamh ar feadh an ama agam go dtacaíonn torthaí mo chuid taighde dochtúireachta lena bhfuil scríofa cheana féin ag scoláirí eile na canúna, ach go dtabharfadh roinnt tréithe eile de chanúint sin Sheáin a ndúshlán siúd chomh maith. Is cuí dar liom go dtabharfaí éisteacht don áiteamh céanna de bharr m'eagrán-sa de stór an tseanchaí chéanna le bheith á fhoilsiú ag An Sagart taca an ama a reachtálfar an chomhdháil.

### **Michael Davitt agus ríomh na staire.**

*Caoimhín Mac Giolla Léith (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)*

Ar chuma gach éinne dar mhair riamh  
Mairim i ré chinniúnach  
(‘Ísle Uaisle’ le Michael Davitt)

Thar aon duine eile de scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge ba chás le Michael Davitt (1950-2005) ina chuid filíochta na comhordanáidí ar leith a dhaingnigh scéal a shaoil féin i mairtís na staire soch-chultúrtha agus polaitiúla dar di é. Bhí baint ag toisí glúine, inscne agus teanga araon leis an gcúram seo agus lena chur chuige. ‘Sexual intercourse began/ In nineteen sixty-three/ (which was rather later for me)/ Between the end of the 'Chatterley' ban/ And the Beatles' first LP’, a mhaígh Phil Larkin tráth ina dhán seisean 'Annus Mirabilis'. Ba dheacair file ba neamhdhóchúla a shamhlú mar eiseamláir do cheannródaí ghlúin 'Innti' ar bhealaí áirithe. Ach ar bhealaí eile is slán an chomparáid. Féachfaidh an páipear seo leis an áiteamh sin a dhearbhu agus a léiriú.

**Na queeranaí a joineáil: *Sna Fir* Uí Chonghaile mar bhildungsroman aerach na Gaeilge.**

*Seán Mac Risteaird (Ollscoil na hÉireann, Má Nuad)*

Tá borradh nach beag ag teacht ar an spéis a léirítear i scríbhneoireacht Mhichíl Uí Chonghaile, scríbhneoir as Conamara. D'éascair saothair liteartha Uí Chonghaile as gluaiseacht fhrithchultúirna seascaidí agus na seachtóidí san fhichiú haois. Tháinig téamaí réabhlóideacha úrnua liteartha chun cinn ón ngluaiseacht seo; spásanna soch-chultúrtha inar tháinig an raon príobháideach (an iarracht liteartha) agus an raon poiblí (an chritic) le chéile. Tá oscailteacht ar leith i dtaobh théama na collaíochta le feiceáil cuid mhór in iarrachtaí liteartha Uí Chonghaile, go háirithe ina bhildungsroman *Sna Fir*. Is mar dheoraí collaí iad carachtair shaothar an scríbhneora agus spás ait collaí á lorg acu. Beidh dhá chuid i gceist leis an gcaint seo: iniúchadh ar fhiúntas chur chuige chritic na haiteachta agus ansin a cur i bhfeidhm ar *Sna Fir*. Déanfar seo a rianú ina dhá chuid: an spás istigh (an raon príobháideach) agus an spás amuigh (an raon poiblí). An rud is mó a eascraíonn as an gcaint seo ná gur féidir leas a bhaint as tuiscintí theoiric na haiteachta chun léamha as an nua a fhorbairt i ngort litríocht na Nua-Ghaeilge. Dar leis an scríbhneoir seo, tugann sé seo cothrom na Féinne don scríbhneoir comhaimseartha a mbeidh a shaothar faoi chaibidil sa chaint seo.

**An Carnabhalachas i gcoinne na hEantrópachta in *Cré na Cille***

*Radvan Markus (Ollscoil Shéarlais, Prág)*

Aontaíonn an chuid is mó de lucht na critice gur sárshaothar grinn anchúinsigh é *Cré na Cille*. Breathnóidh an páipéar seo ar an anchúinseacht seo ar bhonn teoiriciúil, ag leanúint na dtreoirilínte a leag an teoiriceoir Rúiseach Mikhail Bakhtin síos. De réir Bakhtin, tá an anchúinseacht (nó an carnabhalachas, mar a thugann sé uirthi) ceangailte le timthriall na beatha – íslíonn an carnabhal na rudaí uaisle go leibhéal na talún, áit a bhfaigheann siad bás agus athnuachan ag an am céanna. Tá an timthriall seo – sa dúlra, i mbeatha an duine agus sa chultúr – ar cheann de phríomhthéamaí an Cadhnaigh. Go minic ina shaothar, áfach, léiríonn sé an t-imní go rachaidh an timthriall chun donachta nó go stopfaidh sé ar fad; i bhfocail eile, go bhfaighidh an eantrópacht an lámh uachtair ar an bhfás agus ar an bhforbairt. Is é guth an Stoic in *Cré na Cille* guth an mheathlaithe, an dreoite, na heantrópachta. Áitíonn an páipéar go n-oibríonn caint charnabhalach na gcarachtar eile mar fhórsa i gcoinne theachtairacht ghruama an Stoic. Na briatharchathanna idir na coirp, fiú, tugann siad beocht go dtí an chill agus cuireann siad obair na heantrópachta ar athlá. Feictear an próiseas céanna i saothar Samuel Beckett, cé go bhfuil sé siúd i bhfad níos éadóchasaí. In *Cré na Cille*, éiríonn leis an gcarnabhalachas go pointe – sa naoiú agus sa deichiú eadarlúid, maolaítear ar theachtairacht an Stoic agus clochlaíonn sé, ar bhealach, ó ghuth údarásach “diaga” go guth i measc guthanna eile.

**Fireannach aislingeach.**

*Máire Ní Annracháin (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)*

Ainneoin athruithe móra saoil ó bhuaicphointe na n-aislingí san ochtú haois déag, léiríonn codanna suntasacha de nuafhilíocht na Gaeilge go bhfuil a gcuid fréamhacha sáite go daingean san fhís aislingeach. Ní go hannamh a bhaintear casadh íorónta as tréithe na haislinge; úsáidtear an aisling go meafarach freisin, chun tagairt a dhéanamh, mar shampla, don mhearbhall nó do staid antoisceach intinne. Uaireanta is follasach na macallaí; uaireanta eile bíonn siad thar a bheith caolchúiseach, gan iontu ach leideanna beaga. Pléifidh an páipéar seo go príomha leis an tsraith dánta le Pádraig Mac Fhearghusa dar teideal ‘Fá Shliabh Mis’, sraith de sheacht ndán déag sa chunasach den teideal céanna, a foilsíodh in 1993. Chun an tsraith a thuiscint, níor mhór don léitheoir eolas áirithe a bheith aige/aici ar sheánra na haislinge agus ar ról an fhir iontu, agus ar scéalta áirithe de chuid na Rúraíochta, faoi mar a mhineofar. Déanfar na dánta a iniúchadh chun teacht ar thuiscint faoi stádas an traidisiúin liteartha iontu: an meafair shimplí agus tagairtí simplí do na logainmneacha i gceantar Shliabh Mis atá ann, nó an gcuireann siad le brí na ndánta ar bhealach níos suntasaí? Scrúdófar go speisialta a thraidisiúnta is atá tréithe an fhir an insíonn scéal na haislinge. Chomh maith leis sin déanfar comhthéacsú gairid ar shraith sin Mhic Fhearghusa trí thagairtí do roinnt samplaí eile as nuafhilíocht na Gaeilge ina bhfuil tionchar na haislinge le sonrú.

**Pádraic Breathnach: Scríbhneoir Comhaimseartha Idirchultúrtha.**

*Laoise Ní Cheallaigh (Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach)*

Réimse critice a bhfuil forbairt shuntasach tagtha air le tamall anuas is ea an idirchultúrthacht le foilsiú shaothair thábhachtacha criticeoirí ar nós Homi Bhabha, Albert Memmi agus Paul Gilroy, agus i gcomhthéacs na hÉireann, saothar Mháirín Nic Eoin. Cás faoi leith is ea cás na Gaeilge, agus na litríochta Gaeilge, i gcomhthéacs an phlé ar an idirchultúrthacht. Tá ceisteanna uathúla ann don Ghaeilge, mar mhionteanga, ar gá iad a phlé i bhfeasacht cheisteanna féiniúlachta agus aitheantais chultúrtha a eascraíonn as stair choilíneach. Scríbhneoir is ea Pádraic Breathnach a mhair agus a mhaireann idir chultúir éagsúla na hÉireann. Is scríbhneoir é a bhfuil muinín chultúrtha le sonrú go tréan ann féin mar scríbhneoir, agus a bhfuil saintréithe na cros-síolracha agus an chumaisc chultúrtha araon, le sonrú ina shaothar liteartha. Scríbhneoir cruthaitheach is ea é a bhfuil a shaol caite aige idir cultúr na Gaeltachta agus cultúr na Galltachta, i sochaí shíorathraitheach na hÉireann. Feictear teacht le chéile an dá chultúr, nó teacht le chéile chultúir iomadúla Éire na linne i scríbhneoireacht Phádraic Bhreathnaigh mar a bhfuil an saol comhaimseartha domhanda agus saol na Gaeltachta ag teacht i gcomhar le chéile, agus thairis sin feictear an cumas scríbhneoireachta aige ag eascairt as muinín chultúrtha bhunfhréamhaithe, bhuanfhréamhaithe ann féin. Is éard is cuspóir don pháipéar seo ná spléachadh a thabhairt ar Phádraic Breathnach mar scríbhneoir i gcomhthéacs athruithe.

## **Greim an fhir bháite: Géilleadh do mheath nó dúshlán á thabhairt in oileáin na hÉireann?**

*Deirdre Ní Chonghaile*

Samhlaítear nach féidir leis an oileánach éalú ó bhagairt an bhá. Maireann macalla na samhla drámatúla ó ghlún go glún. Nuair a fhéachtar ar mhinicíocht na dtubaistí mara, ní haon ionadh go gceapfaí go bhfuil an bá i ndán d'oileánaigh. Tá locht ar thróp an bhá oileánda: cuireann sé inchreidteacht na hinmharthanachta oileánda de dhroim seoil. Spreagann scéalta tragóideacha geit a bhfuil bua áirithe aici, dar le Marina Warner, bua chun 'airdeall a ghabháil' agus 'an léargas a cheilt.' Meabhraíonn na scéalta is millteanaí díobh seo tionchar na teorice Darwineachais shóisialta, tromluí eisintiúil a spreagann reitric chlaonta i leith meath na tuaithe agus i leith meath na mbundúchasach agus a gcultúir. In éadan na leisce a eascraíonn as trua na tragóide, aithneofar gairm chun gnímh in eagrais a thugann dúshlán na deacrachta: cuir i gcás, RNLI agus LAST (Lost-At-Sea Tragedies). I gcomhthéacs na n-iarrachtaí idir lámha ag pobail oileánda fód a sheasamh ar son na hinmharthantachta, aithneofar an ról atá an staraí agus ag an gcriticeoir: is é sin, léargas a thabhairt ar cumhacht thathanta an scéil; agus cur ina luí ar phobail agus a n-údaráis freagracht a ghlacadh as a himpleachtaí. Tá deis acu aird a tharraingt ar an dochar cráite a dhéanfaí: is é sin, baol a chothú dóibh siúd is leochailí. Pléifear an éagsúlacht reitrice i leith oileáin na hÉireann mar a nochtann litríocht, amhráin, béaloideas agus cuimhní cinn an phobail í: an géilleadh do mheath agus an dúshlán á thabhairt.

## **Beirt Scríbhneoirí Mhaigh Cuilinn: Pádraic Breathnach mar oidhre ar Thomás Bairéad?**

*Aingeal Ní Chualáin (Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)*

Is liosta le háireamh iad na scríbhneoirí atá luaite le ceantar Mhaigh Cuilinn atá suite sé chiliméadar siar ó chathair na Gaillimhe, Tomás Bairéad (1893 – 1973) agus Pádraic Breathnach (1942 -), ina measc. Is é an dúiche seo lena chnocáin, coillte, garranta agus locha, loch Coirib san áireamh, atá mar chúlbhrat ar roinnt mhaith de shaothar Thomáis Bhairéid agus do luathscéalta Phádraic Bhreathnaigh chomh maith. Sa pháipéar seo tugtar léargas ar na gnéithe inspéise a thagann chun cinn as taighde comparáideach a dhéanamh idir an bheirt scríbhneoirí, ó ghlúin go glúin. Seachas tírdhreach Mhaigh Cuilinn céard iad na nithe a chruthaíonn gaol idir saol agus saothar na beirte? Breathnaítear ar théamaí a bhaineann le staid na Gaeilge mar theanga i gceantar dúcháis an Bhairéadaigh agus Bhreathnaigh, cúrsaí cultúir, an bhá leis an dúlra agus an nádúr, an t-athrú saoil agus an ionramháil a dhéantar ar chúrsaí gnéis i scéalta faoi leith de chuid na scríbhneoirí. Nuair a fhéachtar ar luathshaothar Phádraic Bhreathnaigh is féidir an t-áitiú a dhéanamh gur thóg sé ar an oidhreacht cumadóireachta a d'fhág a chomhscríbhneoir logánta, Tomás Bairéad, aige. Leis an mbunchloch a bhí leagtha síos ag an mBairéadach roimhe i saothrú an ghearrscéil d'fhéadfadh Pádraic Breathnach a bheith teann agus é ag tabhairt faoina chonair scríbhneoireachta féin. Is léir an tuiscint a bhí aige ar Bhairéad mar dhuine agus sílim gur thóg sé agus gur chuir sé i mbealach inniúil leis an togra cruthaitheach a bhí tionscnaithe ag an mBairéadach roimhe sin.

**Ag dul isteach go mion sa ‘mhionseanchas’: Seán Ó hEochaidh agus Máirí Theilinn.**

*Aisling Ní Churraighín (Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)*

Ag obair ina cheantar dúchais dó i dTeileann sna 1940dí, ba mhinic don bhailitheoir béaloidis, Sean Ó hEochaidh (1913-2002) trácht a dhéanamh ina dhialanna páirce ar bhua a chol cúigir, Máire Ní Bheirn agus a comrádaí Máire Uí Cheallaigh i mbun an mhionseanchais. Ina chuid léachtaí agus ina shaothair foilsithe i gcaitheamh na mblianta, ba nós leis an bhailitheoir rangú soiléir a dhéanamh idir ealaín bhéil na bhfear agus na mban i dTeileann – rangú a tháinig go mór le tuiscintí Shéamuis Uí Dhuilearga (1899-1980), stiúrthóir Choimisiún Bhéaloideas Éireann (1935-1970) mar a fheicimid ina óráid ‘The Gaelic Storyteller’ (1945) cuiream i gcás. Agus *The Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin) in úsáid mar mhodh bailithe aige, mháigh Ó hEochaidh go mbíodh sé ábalta an bheirt Mháire a cheistiú agus ábhar an lámhleabhair a líonadh ó chlúdach go clúdach. D’aineoinn bhua na Máirí, áfach, is beag aitheantas a thugadh dóibh – rud a thug Mícheál Briody suntas do ina chuid taighde (2013) ar an tionchar a bhí ag Ó hEochaidh ar an Duileargach ina chaint ‘The Gaelic Storyteller’ agus go deimhin, ar na tuiscintí atá chun cinn sa scoláireacht ar sheachadadh an traidisiúin bhéil san fhichiú haois in Éirinn dá bharr. Sa pháipéar seo, tabharfar spleáchadh ar na modheolaíochtaí a chleacht Ó hEochaidh leis na Máirí agus ábhar an cheistneora á bhailiú aige, agus caithfear solas ar rogha den ábhar féin i gcomhthéacs na ndioscúrsaí éagsúla a bhí ag teacht chun cinn i gcaitheamh ré órga an Choimisiúin.

**Tionchar *Oidhche Sheanchais* (1934) agus *Man of Aran* (1934) ar scannáin Chorca**

**Dhuibhne: Léargais ar phobail tuaithe agus oileánda.**

*Éilis Ní Dhúill (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)*

Sna scannáin *Oidhche Sheanchais* (1934) agus *Man of Aran* (1934) le Robert J. Flaherty tugtar léargas ar phobal Árann go luath tar éis bhunú an Stáit. Is cinnte gur imir na saothair seo tionchar nach beag ar léargais a tugadh ar phobail tuaithe/oileánda eile in Éirinn ina dhiaidh sin. Sa pháipéar seo déanfar anailís ar shaothar scannánóir cáiliúil de bhunaidh Chorca Dhuibhne Breandán Feiritéar chun tionchar shaothar Flaherty orthu a mheas. Pléifear ról Choimisiún Béaloideas Éireann i ndéanamh an chéad scannáin a léirigh an scéalaíocht mar chleachtas beo Gaeltachta, an gearrscannán *Oidhche Sheanchais* (1934), a rinneadh nuair a bhí Robert Flaherty ag gabháil dá shaothar cáiliúil *Man of Aran* (1934). Ina dhiaidh sin, tabharfar tuairisc dhlúth (Geertz, 1973) ar chur chuige Feiritéir. Díreofar go sonrath ar an gclár faisnéise teilifíse *Deireadh an Áil* (Feiritéar, TG4 2012 [RTÉ 1996]). Déanfar iniúchadh ar úsáid an tírdhreacha chun frámú agus comhthéacsú a dhéanamh ar phobal Gaeltachta agus ar léiriú na scéalaíochta mar chleachtas beo. Nochtfar an tionchar soiléir a bhí ag scannáin Flaherty ar dhéantóirí scannán i gCorca Dhuibhne agus dá réir sin ar a gcur chuige scéalaíochta.

**Ag Briseadh na rialacha: Déaglitríocht na Gaeilge.**

*Meadhbh Ní Eadhra*

Pléifidh an páipéar seo déaglitríocht na Gaeilge sa lá atá inniu ann. Déanfar iniúchadh ar na dúshláin agus na féidearthachtaí is mó a bhaineann le bheith ag scríobh i nGaeilge do dhaoine óga. Ceann de na dúshláin seo ná an bearna idir chumas teanga agus cumas tuisceana na léitheoirí óga, agus déanfar plé sa pháipéar seo ar bhealaí chun dul i ngleic leis an mbearna seo. Ó thaobh féidearthachtaí de, déanfar machnamh ar na deiseanna atá ann éagsúlacht agus ilghnéitheacht a chothú i ndéaglitríocht na Gaeilge. Úsáidfidh mé mo thaithí féin mar scríbhneoir agus mar thaighdeoir chun cur leis an bpáipéar seo. Déanfaidh mé tagairt don úrscéal is déanaí liom, Faye, atá dírithe ar dhéagóirí, agus mé ag plé na ceiste seo - is cailín óg í Faye atá ina cónaí faoi chúram an stáit, agus dá bhrí sin tá cúlra agus féiniúlacht as an gnách aici, agus muid ag breathnú ar stair na déaglitríochta Gaeilge. Labhróidh mé faoin ngéarghá atá ann leabhair agus carachtair le héagsúlacht agus ilghnéitheacht a chur faoi bhráid léitheoirí óga Gaeilge. Úsáidfear tuairimí agus smaointe na scríbhneoirí aitheanta Ré Ó Laighléis agus Iarla Mac Aodha Bhuí sa pháipéar seo chomh maith, tuairimí a bhailigh mé tríd agallaimh a dhéanamh leo ar ábhar na déaglitríochta Gaeilge.

**"Ní fheaca riamh a leithéid de phaca amadán!": Spléachadh ar an gcomhfhreagras idir an tAthair Peadar agus Beirt Fhear.**

*Tracey Ní Mhaonaigh ((Ollscoil na hÉireann, Má Nuad)*

Díreofar sa chaint seo ar an mbailiúchán litreacha ó pheann an Athar Peadar chuig Séamus Ó Dubhghaill (Beirt Fhear) atá ar coimeád i Leabharlann an Ruiséalaigh i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad. 99 litir ar fad atá ann a chlúdaíonn tréimhse 8 mbliana déag, ó mhí Aibreáin 1899 go dtí mí an Mheithimh 1917—tréimhse an-tábhachtach i scéal na Gaeilge agus obair Chonradh na Gaeilge faoi lán seoil, An Claidheamh Soluis tagtha ar an saol agus ceisteanna teanga agus cultúir á gcur agus á bplé. Donnchadh Ó Floinn, iar-Ollamh le Gaeilge i Maigh Nuad, a dhein an bailiúchán a chlárú sa bhliain 1947 agus bhronn sé ar Choláiste Phádraig é i mí na Márta 1949. Sula ndearna sé aon chuid den obair seo, dóbair gur cailleadh an bailiúchán ar fad, áfach. Agus seanpháipéir i seomra sa Choláiste á ndó ag an Athair Tomás Ó Cléirigh, thug sé faoi deara gur litreacha Gaeilge a bhí iontu agus shocraigh sé gan a thuilleadh a scríosadh. Ó thaobh ábhair de, tá cuid mhór iontu mar gheall ar leaganacha cainte agus brí focal, mar aon le plé ar mhúnlaí áirithe gramadaí. Agus cé go bhfuil nithe den chineál seo ana-spéisiúil, tá an meon a léiríonn sé, tríd an gcomhfhreagras, i leith mhuintir an Chonartha agus lucht An Claidheamh Soluis, agus i leith na “sgoláirí” agus na “sticklers for Classical Irish” níos spéisiúla fós. Is ar an meon seo a dhíreofar aird na cainte.

**“Goidé an comhrá beag a bhí aréir agaibh?”: Lúth na teanga agus seiftiúlacht na mban i scéal iontais a d’inis Sorcha Chonaill Uí Ghrianna.**

*Ailbhe Nic Giolla Chomhaill (Ollscoil Luimnigh)*

D’inis an scéalaí clúiteach Sorcha Chonaill (1875-1964) as Rann na Feirste, Co. Thír Chonaill, scéal iontais dar teideal ‘Uisce an Óir, Crann an Cheoil agus Éan na Scéalaíochta’ d’Aodh Ó Duibheannaigh in Aibreán na bliana 1937. Rinne Seán Ó Súilleabháin, cartlannaí Choimisiún Béaloideas Éireann, ‘Uisce an Óir’ a rangú mar AT 707 - The Three Golden Sons - san innéacs ‘The Types of the Irish Folktale’ (1963), a chuir sé féin agus a chomhscoláire béaloidis Reidar Th. Christiansen in eagar. Sainghné den tsraith scéalta seo is ea go dtugtar míchlú ar bhean ógnuaphósta trí chur ina leith go dtugann sí ainmhithe ar an saol seachas leanaí folláine. Bíonn ról lárnach ag deirfiúr an bhanlaoich, gona teanga ghangaideach, sa chlúmhillleadh a dhéanta ar mháthair óg an scéil. Ó tharla go sciobtar a cead cainte agus a cumas gníomhaíochta den bhanlaoch go luath san insint, b’fhurasta a mhaíomh gur scéal é seo ina bhfuil fulaingt agus leochaileacht na mban go mór chun tosaigh. Ní hamhlaidh atá áfach, óir faightear léargas den scoth in insint Shorcha Chonaill ar chumas an bhanscéalaí dúshlán a thabhairt do cheannasaíocht an phatracachais trí aird an éisteora a tharraingt ar dheismireacht chainte na mban. Sa pháipéar seo, tarraingítear ar an taighde atá déanta ag scoláirí béaloidis mar Joan N. Radner, Stíofán Ó Cadhla, agus Lillis Ó Laoire ar theachtaireachtaí códaithe faoin inscne i scéalta béaloidis na hÉireann. Áitítear gur uirlis fhóinteach í teoiric an chóraithe chun mionanailís a dhéanamh ar na straitéisí reacaireachta ar tharraing Sorcha Chonaill orthu mar scéalaí agus ceisteanna sóisialta casta á gcióradh aici faoi bhrat na healaíne.

**An Moinsíneoir Pádraig de Brún: Oidhreacht chultúrtha agus cuimhní a lucht aitheantais.**

*Deirdre Nic Mhathúna (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)*

Pearsa mór le rá i saol cultúrtha agus intleachtúil na hÉireann ab ea an Moinsíneoir Pádraig de Brún (1889-1960). D’fhág sé rian suntasach ar shaol na matamaitice agus ar shaol na Gaeilge araon. Ceapadh é ina Ollamh le Matamaitic i Maigh Nuad i 1913 agus chaith sé na blianta 1945 go dtí 1959 ina Uachtarán ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá cáil ar leith ar an Moinsíneoir de Brún as na dánta ‘Valparaiso’ agus ‘Sráideanna Naofa Áth Cliath’ a chumadh agus as saothair cháiliúla Eorpacha a aistriú go cumasach go Gaeilge. Féachfaidh an páipéar seo ar chuimhní cinn a lucht aitheantais, dream daoine a bhí iomadúil agus ilghnéitheach. Bainfear leas as foinsí foilsithe agus neamhfhoilsithe araon agus déanfar iniúchadh ar an tionchar a bhí ag an mBrúnach ar dhaoine ar leith, a dheartháir Maurice Browne, iníon a dheirfiúr, Máire Mhac an tSaoi agus an fisiceoir Sasanach Fred Hoyle, ina measc. Féachfar chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar an gcuidreamh a bhí ag an Moinsíneoir de Brún le muintir Dhún Chaoin, áit a gcaitheadh sé cuid den bhliain ó na 1920aidí i leith.

**“Aicíd nua-aoiseach an Fhir Eorpaigh” – An Fireannachas Nimhneach in 'Beatha Dhónaill Dhuibh' le Séamus Barra Ó Súilleabháin.**

*Stiofán Ó Briain (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)*

Gné lárnach de choincheap an Nua-aoiseachais is ea an claochlú. Le céad go leith bliain anuas, tá athrú mór tagtha ar na buntuisctíní sochaíocha agus cultúrtha a bhíodh ann sna glúnta roimhe. Tá luas lasrach tagtha ar an athrú seo le fiche bliain, agus tá athmhacnamh á dhéanamh sa léann agus sa chultúr coiteann ar gach a raibh bunúsach don tsochaí leis na cianta. Eascraíonn as an athmhacnamh seo imreas agus bíogann an t-imreas seo neacha agus ceisteanna nua. Pléifidh an páipéar seo léirithe difriúla an fhireannachais i gcnuasach filíochta Shéamuis Bharra Uí Shúilleabháin, 'Beatha Dhónaill Dhuibh', ag díriú ar an bhfireannachas nimhneach nó 'toxic masculinity', mar atá á léiriú ag an gcarachtar de Dhónaill Dubh tríd an saothar. Riarfar tréithe an fhireannachais nimhnigh i bpearsa Dhónaill Dhuibh i ndánta an chnuasaigh agus cuirfear an neach dorcha seo i gcomhthéacs dhioscúrsa an fhireannachais agus na hinscne i gcultúr na linne seo. Déanfar plé chomh maith ar an meascadh mearaí de ghean le foréigean agus de ghrá le forlámhas, atá mar dhlúthchuid den fhireannachas nimhneach. Anuas air sin, féachfar ar fhorrán, shácráilteacht, gháirsiúlacht, ghaisciúlacht, éadóchas agus imeallachas Dhónaill Dhuibh mar airí de choimthiú an duine sna linne seo; coimhthiú a fhásann as imreas an chlaochlaithe cultúrtha. Pléifear an fireannachas nimhneach mar spréachadh, nó iarracht spréachta, in aghaidh choimhthiú an fhir óig sa ré Nua-aoiseach.

**Aistriú Téacsleabhar – Fáinní Fí.**

*Séamus Ó Coileáin (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)*

Tabharfaidh an chaint seo spléachadh ar an tslí a ndeachaigh an Stát i ngleic leis an éileamh a bhí ar théacsleabhair i nGaeilge ó bunaíodh an Stát. Féachfar, leis, ar rabharta agus lag trá an éilimh sin agus ar na réitigh a moladh chun an soláthar téacsleabhar a mhéadú. Scrúdófar an t-éileamh atá ann i láthair na huairé agus an fhreagairt ón Stát ina leith agus déanfar moladh maidir leis an tslí ab fhearr ab fhéidir dul i ngleic le haincheist shíoraí an tsoláthair téacsleabhar i nGaeilge.

**TEIDEAL**

*Lillis Ó Laoire (Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)*

**Ó 'Chaladh Mhaidhc Mháirtín' go 'Zephyr Bog': Meitheal Logainm.ie & Mionlogainmneacha na hÉireann.**

*Justin Ó Gliasáin, Michelle Dunne, Katie Ní Loingsigh (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)*

Tugtar léargas sa pháipéar seo ar Mheitheal Logainm.ie, uirlis sluafoinsithe a forbraíodh in Fiontar & Scoil na Gaeilge chun mionlogainmneacha a bhailiú, a stóráil agus a roinnt. Is ionann mionlogainm i gcomhthéacs an tionscadail seo agus logainm nach bhfuil ina ainm riaracháin ná ina ionad daonra. Áirítear ainmneacha gnéithe fisiciúla (e.g. aibhneacha, cnoic, lochanna, páirceanna, etc.) maille le hainmneacha gnéithe saorga (e.g. bóithre, droichid, liosanna, reiligí, etc.) i measc na mionlogainmneacha a stóráiltear ar Mheitheal Logainm.ie. Faightear tuiscint níos doimhne ar oidhreacht stairiúil agus tíreolaíochta na tíre i mionlogainmneacha agus is féidir an t-eolas luachmhar seo a chaomhnú don chéad ghlúin eile trí leas a bhaint as Meitheal Logainm.ie. Déantar cur síos sa pháipéar seo ar chúlra an tionscadail agus ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil chun mionlogainmneacha a thaifeadadh ar an suíomh. Baintear úsáid as tacar samplach sonraí chun léargas a thabhairt ar chuid den ábhar a bailíodh go dtí seo agus ar roinnt mórghailiúchán a cuireadh leis an suíomh. Roghnaítear mionlogainmneacha suntasacha ó thaobh cúrsaí béaloidis, staire agus teanga de. Pléitear an tábhacht a bhaineann le mionlogainmneacha a bhailiú i gcás na samplaí sin agus an chaoi ar féidir leas a bhaint as Meitheal Logainm.ie chun anailís a dhéanamh ar mhionlogainmneacha in Éirinn.

**'Agus cé'n chaoi ar thaithnigh na Canadas leat?': Úrscéalta Gaeilge 'Ceanadacha' ó na 1920í is na 1930í.**

*Pádraig Ó Siadhail (Ollscoil Mhuire Naofa, Halifax).*

Sa pháipéar seo, díreoidh mé ar thrí úrscéal a raibh codanna díobh suite i gCeanada: *Cúrsaí Thomáis* (1927) le hÉamonn Mac Giolla Íasachta, ar Oileán Vancouver; *Cailín na Gruaige Duinne* (1932) le hÚna Bean Uí Dhíosca, i Saskatchewan; agus *Éan Cuideáin* (1936) le Pádhraic Óg Ó Conaire, i Montréal. Tagaimid ar an chor céanna i bplotaí na n-úrscéalta sin. Filleann na príomhphearsana ar Éirinn tar éis dóibh seal a chaitheamh i gCeanada. Is casadh suntasach í an aisimirce a dhealaíonn na húrscéalta Gaeilge seo ó úrscéalta Béarla faoin imirce ó Éirinn go Ceanada. Imeacht gan filleadh a bhíonn sna cinn Bhéarla sin. Ach tá a thuilleadh ann. Níorbh ionann is an dá úrscéal eile, filleann an tÉireannach ar Cheanada athuair ag deireadh *Éan Cuideáin*. Ní comhtharlú é, dar liom, gurbh as iarthar na hÉireann don Chonaireach. Ba de dhlúth is d'inneach shaol a phobail an imirce agus ghlac sé leis an imirce is leis an athimirce féin mar chuid de roithleán na beatha. I gcomparáid leis sin, ba dheisceabail úrbhaiste de chuid Athbheochan na Gaeilge is den ghluaiseacht 'Irish Ireland' iad Mac Giolla Íasachta is Bean Uí Dhíosca. Ba dá n-airteagail chreidimh gur dhuáilce í an imirce. Mar sin, luigh sé le ciall go gcinnteoidís go bhfillfeadh a gcuid pearsan ar an seanfhód. Tá íoróin nach beag ag roinnt leis seo. Ní raibh Ó Conaire i gCeanada riamh (is cuid den pháipéar seo a bhradaíl liteartha ar shaothar faoi Quebec), ach bhí an dís eile tar éis a bheith ann.

**Senadh Saighri agus na crosáin.**

*Nils Pappers (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath).*

Ba mhaith liom caint faoin téacs *Senadh Saighri*. Scríobhfaidh mo thráchtas máistreachta ar an ábhar seo. Beidh béim ar an téacs féin agus ar na crosáin. Bíodh is gur tráchtadh air sin cheana féin (féach Harrison 1989), táim den bharúil go bhfuil taobh eile den téacs ann nár pléadh go dtí seo. Má ghlactar leis go raibh cuspóir éigin ann, mar shampla, cén cuspóir a bhí ag an ‘údar’ nó ag an scríobhaí más ea? Caithfidimid cuimhneamh ar an difríocht idir aidhm an téacs *Senadh Saighri* sna lámhscríbhinní difriúla agus a gcuspóir. Tá an téacs is sine in ARÉ LS D iv 2 ón gcúigiú haois déag agus baineann an teanga inti seo leis an Meán-Ghaeilge (dhéanach). Is cinnte nár cumadh *Senadh Saighri* sa chúigiú haois déag. Dar liom, is féidir a theacht i dtreo an chuspóra atá curtha romham amach agus áiteoidh mé go mbaineann an cuspóir seo leis na crosáin agus le cáineadh na heaglaise in aghaidh na ndaorbhard mar gheall ar a n-aortha mídhlisteanacha. Ní mór, áfach, súil a chaitheamh ar na téacsanna a tháinig anuas chugainn ar dtús. Ag féachaint ar na lámhscríbhinní, tagann dhá cheist chun cinn: an cuid den seanchas é *Senadh Saighri*? Más cuid, ar mheas na literati gur stair é? Freagróidh mé na ceisteanna sin agus mé ag trácht ar leaganacha an téacs a scríobh Seathrún Céitinn agus Dubhaltach mac Fhirbhisigh leis. Ina dhiaidh sin, déanfaidh mé trácht ar an gcuspóir thuasluaite agus an cur síos ar na crosáin i dtéacsanna difriúla as a mbaintear tréithe na gcrosán chomh maith.

**Seán Ó Ríordáin (1916 – 1977) – meadracht, canúint agus fáiltiú.**

*Jan Erik Rekdal (Ollscoil Oslo)*

Foilsíodh an cnuasach dánta *Eireball Spideoge* le Seán Ó Ríordáin sa mbliain 1952. Nuair a tháinig an leabhar seo amach thosaigh argóint shearbh critice faoina chuid teangan – faoina mháistreacht teangan agus canúna. D’áitigh léirmheastóirí go raibh a chuid meadrachta fabhtach mar ní ghlactar nó ní aithnítear go hiomlán go raibh rím an Ríordánaigh bunaithe ar fhuaimniú na bhfocal rime de réir na canúna. Pléitear é sin i mo pháipéar.

**An Seanadóir Owen Sheehy Skeffington: Ceist na Gaeilge agus na náisiúntachta sna 1960í.**

*Hugh Rowland (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)*

Intleachtóir radacach, a raibh cruinneshamhail liobrálach aige, ba ea an Seanadóir Owen Sheehy Skeffington. Fear léinn, polaiteoir agus cúise ba ea é a raibh tuairimí go leor aige faoi cheist an cheartais, agus go deimhin, faoi na dúshláin éagsúla chultúir agus pholaitíochta a bhí le sárú ag an stát lena linn. Agus ceist an cheartais faoi thrácht, níor mhiste a lua gur mhac é le Frank agus le Hanna Sheehy Skeffington, beirt a bhfuil a gcáil imithe i bhfad agus i ngearr mar gheall ar an bhfeachtas chun cearta vótála a bhaint amach do mhná ag tús an 20ú haois. Ba fhear ildánach é Owen Sheehy Skeffington a bhí ina léachtóir le Fraincis i gColáiste na Tríonóide agus a chaith dhá sheal éagsúla ina Seanadóir neamhspleách ar phainéal Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Fuair sé bás sa bhliain 1970. Sa pháipéar seo, leagfar béim ar na blianta deireanacha dá shaol ag deireadh na 1960í, tráth ar nocht sé tuairimí faoi cheist na Gaeilge éigeantaí. Ba sa bhliain 1966, agus comóradh leathchéad bliain Éirí Amach na Cásca ar na bacáin, a ghlac sé ballraíocht sa Language Freedom Movement (LFM), an eagraíocht a chuir roimpi féin feachtas náisiúnta a chur ar bun chun fáil réidh leis an nGaeilge éigeantach Ardteistiméireachta agus státchórais. Ba thréimhse ghuagach mhórathruithe í seo in Éirinn agus luachanna cultúrtha na tíre, agus an Ghaeilge ina measc, ag teacht faoi athbhreithniú ag an aos polaitiúil is léinn. Laistigh den chomhthéacs athraitheach sin, déanfar anailís sa pháipéar seo ar na tuairimí agus ar na tuiscintí a bhí ag Owen Sheehy Skeffington i leith na Gaeilge agus i leith na náisiúntachta, go mór mór i gcomhthéacs shaoldearcadh an LFM. Chuige sin, beidh an anailís a dhéanfar sa pháipéar seo bunaithe ar chartlann Owen Sheehy Skeffington sa Leabharlann Náisiúnta chomh maith le cartlann an LFM in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Cuirfear faisnéis nuachtáin agus agallaimh mar aon le roinnt saothar beathaisnéiseach sa mheá freisin.